Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0317(NLE)**

**12940/20**
**ADD 1**

**AELE 87**
**EEE 57**
**N 52**
**ISL 43**
**FL 37**
**MI 479**
**ENER 423**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 707 final - IARSCRÍBHINN 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [32017R2195 - Treoirlíne maidir le cothromú leictreachais "EB"] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 707 final - IARSCRÍBHINN 1.

---

Faoi iamh: COM(2020) 707 final - IARSCRÍBHINN 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2020
COM(2020) 707 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**[32017R2195 - Treoirlíne maidir le cothromú leictreachais "EB"]**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais[1] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Níl feidhm ag Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún maidir le córais tarchurtha ar oileáin nach bhfuil nasctha le córais tarchurtha eile trí idirnaisc.

(3) Toisc nach bhfuil córas tarchurtha na hÍoslainne nasctha le córais tarchurtha eile, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún maidir leis an Íoslainn.

(4) Níl gréasán tarchurtha leictreachais dá chuid féin ag Lichtinstéin de bharr a laghad agus líon teoranta na dtomhaltóirí leictreachais. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún maidir le Lichtinstéin.

(5) Le tagairtí d'Oibreoirí Córais Tarchurtha, údaráis rialála agus páirtithe leasmhara, ba cheart a thuiscint go gcuimsítear an tOibreoir Córais Tarchurtha, údaráis rialála agus páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht ar an Iorua.

(6) Nuair atáthar ag forbairt téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí go comhpháirteach de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2017/2195 ón gCoimisiún, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear isteach an fhaisnéis riachtanach ar fad gan mhoill. Le dlúthchomhar idir Oibreoirí Córais Tarchurtha agus rialtóirí, ba chearta áirithiú go gcosnaítear go héifeachtach faisnéis íogair i bpróiseas forbartha téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí, is é sin faisnéis amhail faisnéis mhionsonraithe faoi fhostáisiúin leictreachais, suíomh beacht tarchuir faoi thalamh, faisnéis faoi chórais bhainistíochta agus faoi anailís leochaileachta mhionsonraithe ar féidir úsáid a bhaint aisti chun críocha na sabaitéireachta. Chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an leibhéal céanna comhair maidir le malartú faisnéise agus cosaint faisnéise íogaire a bhunú i gcomhar leis an Iorua.

(7) Tá ionchur ó na príomhpháirtithe leasmhara i bhforbairt téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí do réigiúin nó do LEE ina iomláine, a d'fhéadfadh teacht chun a bheith ceangailteach trí fhormheas rialála, ríthábhachtach le haghaidh creat rialála trasteorann éifeachtach. Ba cheart, dá bhrí sin, d'Oibreoirí Córais Tarchurtha agus páirtithe leasmhara eile a bheith rannpháirteach sna próisis chun téarmaí, coinníollacha

[1] IO L 312, 28.11.2017, lch. 6.

agus modheolaíochtaí a fhorbairt mar a leagtar amach i bhforálacha éagsúla an Rialacháin seo. Ba cheart d'Oibreoirí Córais Tarchurtha de chuid na hIorua a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht na bpáirtithe leasmhara ar bhealach atá cosúil le hOibreoirí Córais Tarchurtha a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstát an Aontais Eorpaigh.

(8) Maidir le tograí réigiúnacha nó tograí uile-AE, i gcás ina n-éilítear cinneadh ó níos mó ná údarás rialála amháin chun tograí ó Oibreoirí Córais Tarchurtha a fhormheas, ba cheart d'údaráis rialála comhairliúchán agus dlúthchomhar a dhéanamh le chéile chun teacht ar chomhaontú sula nglacfaidh na húdaráis rialála cinneadh. Ba cheart d'údarás rialála na hIorua a bheith páirteach sa chomhar sin.

(9) De bharr gur glacadh an Rialachán seo ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar an ngréasán do mhalartú trasteorann leictreachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003[2], agus maidir leis na téacsanna oiriúnúcháin a ullmhaíodh agus a glacadh faoi Chinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 93/2017 an 5 Bealtaine 2017[3] maidir le cur chun feidhme Rialachán Uimh. 714/2009, go háirithe forálacha in Airteagal 1 (1) agus (5) de, lena bhforáiltear maidir le hoiriúnuithe a bhaineann le ról na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh i gcomhthéacs LEE, tá na téacsanna sin ábhartha le haghaidh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo in LEE, go háirithe Airteagal 5 (6) agus (7).

(10) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 51 (Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'52. **32017 R 2195**: Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO L 312, 28.11.2017, lch. 6).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe sin, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an Íoslainn agus le Lichtinstéin.

(b) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 11:

"Féadfaidh comhaontuithe idir Oibreoirí Córais Tarchurtha agus/nó Rialtóirí a áirithiú go gcosnaítear faisnéis rúnda agus íogair go héifeachtach agus go gcuidítear lena chinntiú go gcuirtear isteach gan mhoill an fhaisnéis ar fad is gá chun téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí coiteanna a fhorbairt."

(c) In Airteagal 4:

(i) Tuigfear le gach tagairt do "dhaonra an Aontais" in Airteagal 4(3)(b), do "dhaonra an limistéir lena mbaineann" agus do "dhaonra na mBallstát rannpháirteach" in Airteagal 4(4)(b) go bhfuil daonra na hIorua san áireamh nuair atáthar a mheas ar baineadh amach

[2] IO L 211, 14.8.2009, lch. 15.
[3] IO L 36, 7.2.2019, lch. 44.

tairseach an daonra ábhartha le haghaidh tromlach cáilithe a bhaint amach.

(ii) Léifear gach tagairt do "réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát" in Airteagal 4(4) agus do "réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú" in Airteagal 4(5) mar "réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Iorua" nó mar "réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Iorua nó níos lú".

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla iad téacsanna Rialachán (AE) 2017/2195 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an , nó ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh chuig Comhchoiste LEE faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*, cibé acu dáta is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, .

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

*[…]*

* [Ní shonraítear aon cheanglais bhunreachtúla.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]